BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Deichiú Dlísheomra)

13 Feabhra 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Iompar – Seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar – Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 – Seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí de bhus – An tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) – Conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain – Conradh chun seirbhísí iompair phoiblí de bhus a sholáthar a dhámhachtain – Dámhachtain i bhfoirm conradh lamháltais seirbhíse – Dámhachtain dhíreach ó údarás áitiúil inniúil d'oibreoir inmheánach – Airteagal 5(3) – Nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha – Conradh poiblí um sheirbhísí bus a sholáthar arna dhámhachtain ag údarás inniúil eile – Rannpháirtíocht an oibreora inmheánaigh – Coinníollacha)

I gCás C-684/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón administratīvā rajona tiesa (an Chúirt Riaracháin Dúiche, an Laitvia), trí bhreith an 15 Samhain 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 15 Samhain 2023, sna himeachtaí idir

'Latvijas Sabiedriskais Autobuss' SIA

v

Iepirkumu uzraudzības birojs,

'Autotransporta direkcija' VSIA,

tugann AN CHÚIRT (an Deichiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Deichiú Dlísheomra, E. Regan (Rapóirtéir) agus Z. Csehi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas::

– 'Latvijas Sabiedriskais Autobuss' SIA, ag A. Hartpenga, advokāte,

* Teanga an cháis: an Laitvis.

– ‘Autotransporta direkcija’ VSIA, ag A. Caune, valdes priekšsēdētājs, agus T. Vectirāns, valdes loceklis,

– Rialtas na Laitvia, ag E. Bārdiņš, J. Davidoviča agus K. Pommere, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Messina agus I. Rubene, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 5(2)(c) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d’iarnród agus de bhóthar, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 agus Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle (IO 2007 L 315, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) 2016/2338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 (IO 2016 L 354, lch. 22) (‘Rialachán Uimh. 1370/2007’).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir ‘Latvijas Sabiedriskais Autobuss’ SIA, cuideachta a rialaítear le dlí na Laitvia, an Iepirkumu uzraudzības birojs (Oifig um Maoirseacht ar Sholáthar Poiblí, an Laitvia), ‘OSMP’ agus ‘Autotransporta direkcija’ VSIA (‘ATD’), arb é cuideachta faoi úinéireacht stáit atá freagrach as seirbhísí poiblí iompair a eagrú sa Laitvia, maidir le sannadh an chirt chun seirbhísí iompair phoiblí de bhus a sholáthar ar an ngréasán atá comhdhéanta de bhealaí a bhfuil suim réigiúnach iontu i gCathair Ventspils (an Laitvia).

An dlí

Dlí an Aontais

Rialachán Uimh. 1370/2007

3 De réir aithrisí 6, 7 agus 18 de Rialachán Uimh. 1370/2007:

‘(6) Tá reachtaíocht tugtha isteach ag líon mór Ballstát lena bhforáiltear do dhámhachtain ceart eisiach agus conarthaí seirbhíse poiblí i gcuid dá margadh iompair phoiblí ar a laghad, ar bhonn nósanna imeachta dámhachtana iomaíocha trédhearcacha agus córa. Mar thoradh air sin, tá forbairt shuntasach tagtha ar an trádáil idir Bhallstáit agus tá líon oibreoirí seirbhísí poiblí ag soláthar seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí anois i níos mó ná aon Bhallstát amháin. De bharr forbairtí atá tagtha ar an reachtaíocht náisiúnta, áfach, tá éagothromaíochtaí sna nósanna imeachta atá á gcur i bhfeidhm agus tá éiginnteacht dhlíthiúil ann maidir le cearta oibreoirí seirbhísí poiblí agus dualgais na n-údarás inniúil. I dtaca le Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 ón gComhairle an 26 Meitheamh 1969 maidir le gníomhaíocht ó Bhallstáit maidir leis na hoibleagáidí ar gné dhílis iad den choincheap atá

ann de sheirbhís phoiblí san iompar d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealaí intíre (4), ní dhéileálann sé leis an dóigh ina bhfuil conarthaí seirbhíse poiblí le dámhachtain sa Chomhphobal [Eorpach] ná, go háirithe, leis na himthosca inar cheart iad a chur amach ar thairiscintí iomaíocha. Ba cheart, dá bhrí sin, creat dlí an Chomhphobail a thabhairt cothrom le dáta.

(7) Léiríonn staidéir a rinneadh agus taithí na mBallstát i gcás ina raibh iomaíocht ann ar feadh roinnt blianta in earnáil an iompair phoiblí go mbíonn seirbhísí níos tarraingtí agus níos nuálaí ar phraghas níos ísle ann mar thoradh ar thabhairt isteach na hiomaíochta rialaithe idir oibreoirí, ach na coimircí iomchuí a bheith ann, agus nach móide go gcuireann sé sin bac ar chomhlíonadh na gcúraimí sonracha a sannadh d'oibreoirí seirbhísí poiblí. Thacaigh an Chomhairle Eorpach leis an gcur chuige sin faoin bpróiseas ar a dtugtar Próiseas Liospóin an 28 Márta 2000 lenar iarradh ar an [gCoimisiún Eorpach], ar [Chomhairle an Aontais Eorpaigh] agus ar na Ballstáit, i gcomhréir lena gcumhachtaí faoi seach, "dlús a chur leis an léirscaoileadh i réimsí ar nós … réimse an iompair".

[...]

(18) Faoi réir fhorálacha ábhartha an dlí náisiúnta, féadfaidh aon údarás áitiúil nó, murar ann dó, aon údarás náisiúnta a roghnú a chuid seirbhísí poiblí iompair féin do phaisinéirí a chur ar fáil sa limistéar atá á riaradh aige nó iad a chur de chúram ar oibreoir inmheánach gan tairiscintí iomaíocha a iarraidh. Ní mór rialú docht a dhéanamh ar an rogha féinsoláthair sin, áfach, chun cothrom na féinne a áirithiú do chách. Ba cheart don údarás inniúil nó don ghrúpa údarás a bhfuil seirbhísí comhtháite poiblí iompair do phaisinéirí á soláthar aige, i dteannta a chéile nó trína chomhaltaí, an rialú riachtanach sin a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart go dtoirmiscfí ar údarás inniúil a bhfuil a chuid seirbhísí iompair féin á soláthar aige nó ar oibreoir inmheánach páirt a ghlacadh i nósanna imeachta iomaíocha tairiscintí lasmuigh de chríoch an údaráis sin. Ba cheart go mbeadh sé de chead ag an údarás a rialaíonn an t-oibreoir inmheánach a thoirmeasc ar an oibreoir sin páirt a ghlacadh i dtairiscintí iomaíocha a eagraítear laistigh dá chríoch. [...]'

4 Cuirtear an méid seo a leanas in iúl sa chéad fhomhír d'Airteagal 1(1) de Rialachán Uimh. 1370/2007, dar teideal 'Cuspóir agus raon feidhme':

'Is é cuspóir an Rialacháin seo a chinneadh conas a fhéadfaidh na húdaráis inniúla gníomhú, i gcomhréir le rialacha dhlí an Chomhphobail, i réimse an iompair phoiblí do phaisinéirí chun a ráthú go soláthrófar seirbhísí leasa i gcoitinne a bheidh *inter alia* níos líonmhaire, níos sábháilte, de cháilíocht níos airde nó a chuirfear ar fáil ar chostas níos ísle ná mar a cheadódh fórsaí an mhargaidh amháin.'

5 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 2 den Rialachán sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha an Rialacháin seo:

[...]

(b) "ciallaíonn údarás inniúil" aon údarás poiblí nó aon ghrúpa údarás poiblí de chuid Ballstáit nó líon Ballstát a bhfuil sé de chumhacht aige idirghabháil san iompar poiblí do phaisinéirí i limistéar geografach áirithe nó aon chomhlacht a mbeidh údarás den sórt sin dílsithe dó;

(c) “ciallaíonn údarás áitiúil inniúil” aon údarás inniúil nach é an chríoch náisiúnta limistéar geografach a inniúlachta;

[...]

(h) “ciallaíonn dámhachtain dhíreach” dámhachtain conartha seirbhíse poiblí ar oibreoir seirbhíse poiblí áirithe gan aon nós imeachta iomaíoch tairiscintí roimh ré;

(i) “ciallaíonn conradh seirbhíse poiblí” gníomh nó gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh an dlí de lena ndeimhnítear an comhaontú idir údarás inniúil agus oibreoir seirbhíse poiblí chun bainistíocht agus oibriú seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí a chur de chúram ar an oibreoir seirbhíse poiblí sin faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí; ag brath ar dhlí na mBallstát, féadfaidh sé freisin gur cinneadh arna ghlacadh ag an údarás inniúil a bheidh sa chonradh:

– a bheidh i bhfoirm gnímh leithligh reachtaíochta nó rialúcháin, nó

– a fholóidh coinníollacha faoina soláthróidh an t-údarás inniúil na seirbhísí nó faoina gcuirfidh sé na seirbhísí sin de chúram ar oibreoir inmheánach;

(j) ciallaíonn “oibreoir inmheánach” eintiteas atá leithleach go dlíthiúil agus a ndéanann an t-údarás áitiúil inniúil, nó i gcás grúpa údarás ar a laghad údarás áitiúil inniúil amháin, rialú air is cosúil leis an rialú a dhéanann sé ar a ranna féin;’

[...]’

6 Leagtar amach an méid seo a leanas le hAirteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal ‘Conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain’:

‘1. Déanfar conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Ar a shon sin, déanfar conarthaí seirbhíse nó conarthaí seirbhíse poiblí arna sainmhíniú i dTreoir 2004/17/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO 2004 L 132, lch. 1),] nó i dTreoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO 2004 L 132, lch. 114)] a bhaineann le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí de bhus nó de thram a dhámhachtain i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear sna Treoracha sin i gcás nach i bhfoirm conarthaí lamháltas seirbhíse arna sainmhíniú sna Treoracha sin a bheidh na conarthaí sin. I gcás ina mbeidh conarthaí le dámhachtain i gcomhréir le Treoir 2004/17/CE nó le Treoir 2004/18/CE, ní bheidh feidhm ag forálacha mhíreanna 2 go 6 den Airteagal seo.

2. Mura dtoirmiscfear sin leis an dlí náisiúnta, féadfaidh aon údarás áitiúil inniúil, cibé údarás leithleach nó grúpa údarás é a sholáthraíonn seirbhísí poiblí comhtháite iompair do phaisinéirí, a chinneadh go soláthróidh sé féin seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí nó go ndéanfaidh sé conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain go díreach d’eintiteas atá leithleach go dlíthiúil agus a ndéanann an t-údarás áitiúil inniúil, nó i gcás grúpa údarás ar a laghad údarás áitiúil inniúil amháin, rialú air is cosúil leis an rialú a dhéanann sé ar a ranna féin.

[...]

I gcás ina nglacfaidh an t-údarás áitiúil inniúil cinneadh den sórt sin, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

[...]

(b) is é an coinníoll chun an mhír seo a chur i bhfeidhm go ndéanfaidh an t-oibreoir inmheánach agus aon eintiteas a bhfuil tionchar aige air, dá laghad é, a ngníomhaíocht iompair phoiblí do phaisinéirí a fheidhmiú laistigh de chríoch an údaráis áitiúil inniúil, d'ainneoin aon línte a théann amach as an gcríoch sin ná aon chodanna coimhdeacha eile den ghníomhaíocht sin a théann isteach i gcríoch na n-údarás áitiúil inniúil comharsanach, agus nach nglacfaidh an t-oibreoir sin ná an t-eintiteas sin páirt i dtairiscintí iomaíocha maidir le soláthar seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí a eagraítear lasmuigh de chríoch an údaráis áitiúil inniúil;

(c) d'ainneoin phointe (b), féadfaidh oibreoir inmheánach páirt a ghlacadh i dtairiscintí iomaíocha córa ó dhá bhliain roimh dheireadh an chonartha seirbhíse poiblí a dámhadh go díreach dó ar aghaidh ar choinníoll go mbeidh cinneadh críochnaitheach déanta chun na seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí a fholaíonn conradh an oibreora inmheánaigh a chur faoi réir [tairiscint iomaíoch cóir] agus nach mbeidh aon chonradh seirbhíse poiblí eile arna dhámhachtain go díreach tugtha i gcrích ag an oibreoir inmheánach;

[...]

3. Aon údarás inniúil a bhainfidh leas as tríú páirtí seachas oibreoir inmheánach, déanfaidh sé conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain ar bhonn nós imeachta iomaíoch tairisceana, ach amháin sna cásanna a shonraítear i míreanna 3a, 4, 4a, 4b, 5 agus 6. Beidh an nós imeachta iomaíoch tairisceana arna ghlacadh oscailte do gach oibreoir, beidh sé cóir agus urramóidh sé prionsabal na trédhearcachta agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe. [...]

[...]

5. I gcás ina mbrisfear seirbhísí nó ina mbeidh baol láithreach ann go dtarlódh briseadh, féadfaidh an t-údarás inniúil beart éigeandála a thabhairt isteach.

Beidh an beart éigeandála sin i bhfoirm dámhachtana dírí nó comhaontaithe fhoirmiúil chun síneadh a chur le conradh seirbhíse poiblí nó i bhfoirm ceanglais oibleagáidí seirbhíse poiblí áirithe a sholáthar. Beidh sé de cheart ag an oibreoir seirbhíse poiblí achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh lena bhforchuirfear soláthar oibleagáidí seirbhíse poiblí áirithe. Ní rachaidh dámhachtain conartha seirbhíse poiblí ná síneadh le conradh seirbhíse poiblí trí bheart éigeandála ná trí fhorchur conartha den sórt sin thar dhá bhliain.'

Treoir 2014/23/AE

7 Leagtar amach an méid seo a leanas le hAirteagal 5 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO 2014 L 94, lch. 1), dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn:

1) "ciallaíonn lamháltais", lamháltais oibreacha poiblí nó seirbhísí de réir bhrí phointí (a) agus (b):

[...]

(b) “ciallaíonn lamháltas seirbhísí” conradh ar mhaithe le leas airgid arna dtabhairt i gcrích i scríbhinn ar trína mbíthin a chuireann údarás conarthach amháin nó níos mó nó eintitis chonarthacha ar iontaoibh oibreora eacnamaíoch amháin nó níos mó, seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú seachas na hoibreacha dá dtagraítear i bpointe (a) arb é an breithniúchán den mhéid sin an ceart chun na seirbhísí a shaothrú arb ábhar an chonartha iad agus é sin amháin nó an ceart sin in éineacht le híocaíocht:

Agus lamháltas oibreacha nó seirbhísí a dhámhachtain, aistreofar riosca oibriúcháin don lamháltóir maidir le leas a bhaint as na hoibreacha nó na seirbhísí sin, arbh fhéadfadh sé gur riosca éilimh nó riosca soláthair nó an dá riosca a bheadh ann. Measfar gur ghlac an lamháltóir riosca oibriúcháin i gcás, faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin, nach ráthaítear go n-athghnófaidh sé agus na hoibreacha nó na seirbhísí atá i gceist á n-oibriú aige, na hinfheistíochtaí a rinneadh nó na costais a tabhaíodh. Beidh i gceist leis an gcuid den riosca a aistrítear chuig an lamháltóir fíor-nochtadh do ghuagáil an mhargaidh, sa chaoi nach ainmniúil nó diomaibhseach amháin a bheidh aon chaillteanas ionchasach measta arna thabhú ag an lamháltóir;

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Cuirtear an méid seo a leanas in iúl le hAirteagal 10(3) den Treoir sin, dar teideal ‘Eisiamh is infheidhme ar na lamháltais arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha’:

‘Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le lamháltais le haghaidh seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh.1370/2007.’

Dlí na Laitvia

9 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 8(2) agus (3) den Sabiedriskā transporta pakalpojumu likums (an Dlí maidir le seirbhísí poiblí iompair) an 14 Iúil 2007 (*Latvijas Vēstnesis*, 2007, Uimh. 106):

‘2. Déanfaidh an t-údarás conarthach dámhachtain conarthaí seirbhíse poiblí iompair a eagrú i gcomhréir le Publisko iepirkumu likums (an Dlí Soláthair Phoiblí) nó leis na forálacha reachtacha lena rialaítear soláthar lamháltais, sa mhéid nach bhforáiltear a mhalairt leis an Dlí seo.

3. Féadfaidh an t-údarás conarthach an ceart chun seirbhísí poiblí iompair a sholáthar a dhámhachtain go díreach, gan an nós imeachta soláthair phoiblí do seirbhísí iompair phoiblí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, i gcásanna agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán Uimh. 1370/2007. [...]’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

An conradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí

10 An 19 Bealtaine 2021, sheol ATD, mar údarás conarthach, nós imeachta tairisceana oscailte maidir le dámhachtain an chirt seirbhísí poiblí iompair de bhus a sholáthar ar an ngréasán atá comhdhéanta de bhealaí a bhfuil suim réigiúnach iontu, ar ghá tairiscintí a chur isteach ina leith faoin 30 Lúnasa 2021 ('an conradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí'). Rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí tairiscint a thíolacadh, i gcomhthéacs an nós imeachta sin, lena n-áirítear don dáileacht talún 'Ventspils'.

11 Le cinneadh an 7 Nollaig 2022 ('cinneadh an 7 Nollaig 2022'), dhiúltaigh ATD don tairiscint sin agus dhámh sé an conradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí ar chuideachta a bhfuil a scairchaipiteal iomlán ar seilbh ag bardas Ventspils, is é sin, eadhon Ventspils reiss PSIA ('VR').

An conradh seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach

12 An 13 Eanáir 2012, rinne bardas Ventspils, mar údarás áitiúil inniúil, conradh le haghaidh soláthar seirbhísí poiblí bus i gcathair Ventspils a dhámhachtain go díreach ar VR, ina cháil mar oibreoir inmheánach, a bhí chun dul in éag an 31 Nollaig 2023 ('an conradh seirbhísí poiblí arna dhámhachtain go díreach').

13 An 27 Meán Fómhair 2019, chinn an bardas sin dáta éaga an chonartha sin a thabhairt ar aghaidh go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 agus nós imeachta tairisceana a eagrú maidir leis an gceart seirbhísí poiblí iompair a sholáthar i gCathair Ventspils. Mar sin féin, foráladh leis an gconradh sin go bhféadfaí síneadh a chur lena ré sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 5(5) de Rialachán Uimh. 1370/2007.

14 An 31 Márta 2021, sheol bardas Ventspils nós imeachta tairisceana chun seirbhísí poiblí bus a sholáthar sa chathair sin.

15 An 2 Meán Fómhair 2021, mar thoradh ar mhoill ar an nós imeachta tairisceana, chinn an bardas sin, agus é ag brath ar Airteagal 5(5) de Rialachán Uimh. 1370/2007, síneadh a chur leis an gconradh seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach go dtí go dtabharfaí conradh nua i gcrích nó, ar a dhéanaí, go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.

16 An 10 Meán Fómhair 2021, cuireadh stop leis an nós imeachta tairisceana, i ndiaidh cinneadh ó OSMP, mar thoradh ar an ngá a bhí ann na sonraíochtaí a leasú.

17 An 19 Meán Fómhair 2021, sheol bardas Ventspils nós imeachta tairisceana nua chun seirbhísí poiblí bus a sholáthar sa chathair sin.

18 An 22 Meán Fómhair 2022, mar thoradh ar mhoill ar an nós imeachta soláthair phoiblí, chinn an bardas sin, agus é ag brath ar Airteagal 5(5) de Rialachán Uimh. 1370/2007, síneadh a chur leis an gconradh seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach arís go dtí go dtabharfaí conradh nua i gcrích nó, ar a dhéanaí, go dtí an 30 Meán Fómhair 2023.

19 An 1 Meitheamh 2023, cuireadh stop leis an nós imeachta tairisceana sin, i ndiaidh cinneadh ó OSMP, mar thoradh ar an ngá a bhí ann neamhréireachtaí sna sonraíochtaí a réiteach.

Na himeachtaí breithiúnacha náisiúnta maidir leis an gconradh poiblí atá i gceist

20 Rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí agóid, os comhair OSMP, i gcoinne chinneadh an 7 Nollaig 2022, inar maíodh gur cheart do ATD VR a eisiamh ón gconradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí, mar gheall ar an sárú ar an tréimhse 2 bhliain a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) de Rialachán Uimh. 1370/2007, ar lena linn a fhéadfar cead a thabhairt don oibreoir inmheánach sin páirt a ghlacadh i nós imeachta dámhachtana den sórt sin trí thairiscintí iomaíocha.

21 Le cinneadh an 6 Feabhra 2023, dheimhnigh OSMP cinneadh an 7 Nollaig 2022, ar an bhforas gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 ar an dáta socraithe chun tairiscintí a chur isteach, is é sin an 30 Lúnasa 2021. Dar le OSMP gur i gcomhréir le hAirteagal 5(5) den Rialachán sin a cuireadh síneadh leis an gconradh seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach, d'fhonn leanúnachas na seirbhíse iompair phoiblí ar chríoch bhardas Ventspils a áirithiú. I dtaca leis an gceist an bhféadfadh Státchabhair neamhdhleathach a bheith ann, ní mór an cheist sin a mheas, ní i gcomhthéacs an nós imeachta oscailte agus trédhearcach tairiscintí poiblí, amhail an conradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí arna eagrú ag ATD, ach i gcomhthéacs na gcinntí arna nglacadh agus na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích ag an mbardas sin.

22 Rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí caingean riaracháin a thaisceadh os comhair an administratīvā rajona tiesa (an Chúirt Riaracháin Dúiche, an Laitvia) arb í an chúirt a rinne an tarchur, i gcoinne chinneadh an 6 Feabhra 2023.

23 Dar leis, thug OSMP neamhaird ar an gcaoi gurb ionann síneadh an chonartha seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach, mar bhearta éigeandála faoin tríú fomhír d'Airteagal 5(5) de Rialachán Uimh. 1370/2007, agus tabhairt i gcrích conartha nua arna dhámhachtain go díreach, de shárú ar an tríú fomhír d'Airteagal 5(2) (c) den Rialachán sin.

24 Thairis sin, ní chuireann an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí i gcoinne, tráth tíolactha na tairisceana, a tharla idir an 19 Bealtaine agus an 30 Lúnasa 2021, gur urramaíodh an tréimhse 2 bhliain roimh dhul in éag an chonartha seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach, dá bhforáiltear san fhoráil dheireanach sin, ó tugadh deireadh an chonartha sin ar aghaidh go dtí an 30 Meán Fómhair 2021. Mar sin féin, measann sí gur ghá athscrúdú a dhéanamh ar an gcás tráth a rinneadh an cinneadh an conradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí a dhámhachtain. An tráth sin, is é sin le rá, an 7 Nollaig 2022, cuireadh dul in éag an chonartha seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach siar go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, agus mar thoradh air sin cuireadh isteach an tairiscint lasmuigh den tréimhse 2 bhliain, de réir bhrí na forála sin, nár cuireadh tús léi, mar thoradh ar an gcur siar sin, ach go dtí an 30 Meán Fómhair 2021.

25 Áitíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí freisin, maidir leis an ngiorrú, arna dhéanamh ag Bardas Ventspils, ar fhad an chonartha seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach agus an síneadh ar an gconradh sin arna dhéanamh roinnt uaireanta ina dhiaidh sin, chun go nglacfadh VR páirt sa ghlao ar thairiscintí arna eagrú ag ATD, gurb ionann an giorrú sin agus cleachtas atá, *per se*, contrártha leis an gcuspóir a shaothraítear le Rialachán Uimh. 1370/2007 lena n-áirítear laghdú ar shaobhadh iomaíochta a bheadh mar thoradh ar an údarú a dheonaítear do na soláthraithe seirbhíse sin chun páirt a ghlacadh i nglaonna ar thairiscintí agus chun seirbhísí poiblí iompair a eagrú lasmuigh de chríoch an údaráis áitiúil inniúil lena mbaineann. Iarrann an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí an raibh an ceart ag an mbardas sin cinneadh a dhéanamh

síneadh ama a chur leis an gconradh seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach, ós rud é nach féidir an síneadh nó moill ar nós imeachta tairisceana a mheas, go ginearálta, mar bheith ina gcás éigeandála, de réir bhrí Airteagal 5(5) den Rialachán sin.

26 Measann OSMP agus ATD nach ndearnadh neamhaird ar 'phrionsabal na hiomaíochta córa' ós rud é nach raibh sé beartaithe tús a chur comhlíonadh an chonartha seirbhíse poiblí arna thabhairt i gcrích tar éis dhámhachtain an chonartha phoiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí go dtí an 1 Iúil 2024, agus dá bharr sin, nach bhfaigheadh VR íocaíocht as comhlíonadh an chonartha seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach agus comhlíonadh an chonartha seirbhíse poiblí arna thabhairt i gcrích faoin gconradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí araon.

27 Sa chomhthéacs sin, measann an chúirt a rinne an tarchur gur fúithi atá sé coinníollacha cur chun feidhme an tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 a mheas, i gcomhthéacs nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, de réir bhrí Airteagal 5(3) den Rialachán sin.

28 Tugann an chúirt seo dá haire gur mheas an Abhcóide Ginearálta Saugmandsgaard Øe, sa Tuairim a thug sé i gCásanna Uamtha *Mobit* agus *Autolinee Toscane* (C-350/17 agus C-351/17, EU:C:2018:869, míreanna 89 go 104) nach féidir difear a dhéanamh do nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 5(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007, trí neamhaird a dhéanamh ar an gceanglas maidir le teorannú ghníomhartha an oibreora inmheánaigh, dá bhforáiltear in Airteagal 5(2)(b) den Rialachán sin. Cé nach bhféadfaí an réasúnaíocht sin a thrasuí sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) den Rialachán sin, is fíor fós, dar leis an gcúirt sin, nach ndearna an Chúirt Bhreithiúnais scrúdú, ar an gcéad dul síos, i mbreithiúnas an 21 Márta 2019, *Mobit agus Autolinee Toscane* (C-350/17 agus C-351/17, EU:C:2019:237), ar an ngaol idir an tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(b) agus (3) den Rialachán sin agus, ar an dara dul síos, ar an gcaoi go bhféadfaí difear a dhéanamh d'éifeachtacht iomlán na srianta dá bhforáiltear leis an tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(b) agus (c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 mura ndéanfaí athbhreithniú ar chomhlíonadh na srianta sin i gcomhthéacs an nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha.

29 Go deimhin, leanann sé ó aithris 18 de Rialachán Uimh. 1370/2007 nach mór go ndéanfaí conradh seirbhísí poiblí maidir le hiompar paisinéirí a theorannú go docht chun a áirithiú go gcomhlíonfar dálaí comhionanna iomaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas dámhachtain dhíreach conartha den sórt sin mar bhuntáiste eacnamaíoch nach mbeadh aon oibreoir ina theideal faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, agus mar thoradh air sin go mbeadh tionchar ag an mbuntáiste sin agus ag na híocaíochtaí gaolmhara ar an iomaíocht. Ar an gcúis sin, chuirfí cosc leis an tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(b) den Rialachán sin ar oibreoirí inmheánacha páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha lasmuigh de chríoch an údaráis áitiúil inniúil. É sin ráite, d'fhonn oscailt mhargadh na seirbhísí poiblí iompair a chur chun cinn, déantar foráil leis an tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) den Rialachán sin d'eisceacht ón toirmeasc sin, trí líon áirithe coinníollacha a chomhlíonadh, atá dírithe ar tharscaoileadh soláthair seirbhíse arna dámhachtain go díreach. Bheadh tionchar ag cinntí maidir le heagrú ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an oibreora inmheánaigh amach anseo ar an bpraghas a mholann an tairgeoir. Bheadh sé riachtanach, dá bhrí sin, chun cothrom iomaíochta a áirithiú, go ndéanfar faireachán ar na coinníollacha a leagtar amach san fhoráil dheireanach sin i gcomhthéacs nósanna imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha.

30 Dá bhrí sin, measann an chúirt a rinne an tarchur nach mór iarraidh ar an gCúirt, ar an gcéad dul síos, faoin gceist ar cheart faireachán a dhéanamh, sna himeachtaí dá bhforáiltear le hAirteagal 5(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007, ar na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) den Rialachán sin maidir le rannpháirtíocht oibreora inmheánaigh i nós imeachta tairisceana.

31 Dá dtabharfaí freagra dearfach ar an gceist sin, bheadh ar an gcúirt sin, ar an dara dul síos, scrúdú a dhéanamh ar léiriú na gcoinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2) (c) agus ar a gcur i bhfeidhm maidir le fíorais an cháis sna príomhimeachtaí. Leanann sé ón bhforáil sin go bhféadfaidh oibreoir inmheánach páirt a ghlacadh i nós imeachta tairisceana oscailte, ar choinníoll, ar an gcéad dul síos, go rachaidh an conradh seirbhíse arna dhámhachtain go díreach in éag laistigh de 2 bhliain, ar an dara dul síos, go bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta chun na seirbhísí iompair do phaisinéirí a chumhdaítear leis an gconradh sin a chur faoi réir tairiscint iomaíoch cóir agus, ar an tríú dul síos, nach bhfuil aon chonradh seirbhíse poiblí eile arna dhámhachtain go díreach tugtha i gcrích ag an oibreoir inmheánach.

32 Sa chás seo, tá sé tábhachtach, ar an gcéad dul síos, a shoiléiriú cathain nach mór na coinníollacha uile a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2) (c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 maidir le rannpháirtíocht oibreora inmheánaigh i nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha a chomhlíonadh. Ós rud é go ndeimhnítear rannpháirtíocht den sórt sin le tairiscint arna cur isteach ag an tairgeoir agus go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar ag cinntí a bhaineann le heagrú ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an oibreora inmheánaigh amach anseo ar an bpraghas a thairgeann an tairgeoir sin, ba cheart na coinníollacha ábhartha a chomhlíonadh tráth tíolactha na tairisceana.

33 É sin ráite, léiríonn fíorais an cháis sna príomhimeachtaí go bhféadfadh athrú teacht ar an staid ag céim níos déanaí. Dá bhrí sin, sa chás seo, rinneadh síneadh a chur le fad an chonartha seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach roinnt uaireanta ar bhonn Airteagal 5(5) de Rialachán Uimh. 1370/2007, ar faide é san iomlán ná an tréimhse 2 bhliain ó thíolacadh na tairisceana, agus mar thoradh air sin, tagann an cheist chun cinn ar cheart do ATD, mar údarás conarthach, a fhíorú, tráth na dámhachtana, ar comhlíonadh coinníollacha an tríú fomhír d'Airteagal 5(2) (c) den Rialachán sin fós tráth thíolacadh na tairisceana agus ar cheart, dá bhrí sin, VR, ina cháil mar oibreoir inmheánach, a eisiamh ón nós imeachta tairisceana.

34 Aontaíonn an chúirt a rinne an tarchur leis an léiriú a mhol an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ar dá réir, i gcomhthéacs nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, nach mór athruithe ar imthosca fíorasacha tar éis thíolacadh na tairisceana a chur san áireamh freisin. Go deimhin, ní féidir a chur as an áireamh nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 go foirmiúil ach amháin tráth a chuirtear an tairiscint isteach, go háirithe i ndáil leis an idirspleáchas idir an údarás áitiúil inniúil agus an oibreoir inmheánach. É sin ráite, d'fhéadfadh an chúirt sin aontú leis an seasamh a ghlac ATD agus an OSMP, ar dá réir nach mór go ndéanfaí na hathruithe sna himthosca fíorasacha tar éis tairiscint a thíolacadh a mheas ó thaobh an ndéanann siad difear don iomaíocht chóir idir tairgeoirí.

35 Measann an chúirt a rinne an tarchur nach mór a chinneadh an bhfuil an tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 le léiriú ar chaoi, agus cinneadh á dhéanamh maidir le dámhachtain an chonartha, go gceanglaítear ar an údarás conarthach a dheimhniú an

bhfuil na coinníollacha go léir a leagtar síos san fhoráil sin á gcomhlíonadh tráth tíolactha na tairisceana, agus fiú imthosca a thagann chun cinn tar éis thíolacadh na tairisceana a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don iomaíocht chóir idir tairgeoirí á gcur san áireamh.

36 Ar an tríú dul síos, measann an chúirt a rinne an tarchur gur gá ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le cibé, mar a mhaíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, nach mór caitheamh le síneadh ar chonradh seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach ar an mbealach céanna le tabhairt i gcrích conartha nua seirbhíse poiblí arna dhámhachtain go díreach, de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 1370/2007. Ós rud é go gcuirfí síneadh le tréimhse feidhmíochta an chonartha i gcomhthéacs conradh atá ann cheana, gan na clásail eile a athrú, tá amhras ar an gcúirt sin gur féidir an coinníoll a leagtar síos san fhoráil sin, lena gceanglaítear 'nach mbeidh aon chonradh seirbhíse poiblí eile arna dhámhachtain go díreach tugtha i gcrích ag an oibreoir inmheánach', a léiriú ar bhonn chomh leathan sin.

37 Sna himthosca sin, chinn an administratīvā rajona tiesa (an Chúirt Riaracháin Dúiche) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An bhfuil Airteagal 5 de Rialachán Uimh. 1370/2007 le léiriú ar chaoi, i gcomhthéacs an nós imeachta tairiscintí poiblí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal sin, go gcaithfear na coinníollacha a leagtar síos i [bhfomhír] 2(c) den airteagal sin chun go mbeadh oibreoir inmheánach rannpháirteach sa nós imeachta tairiscintí a dheimhniú?

2) Má thugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist, an bhfuil [an tríú fomhír d']Airteagal 5(2)(c) de Rialachán [Uimh. 1370/2007] le léiriú ar chaoi, agus cinneadh á dhéanamh maidir le dámhachtain an chonartha, go gceanglaítear ar an údarás conarthach a dheimhniú an bhfuil na coinníollacha go léir a leagtar síos san fhoráil sin á gcomhlíonadh tráth tíolactha na tairisceana, agus fiú imthosca a thagann chun cinn tar éis thíolacadh na tairisceana a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don iomaíocht chóir idir tairgeoirí á gcur san áireamh?

3) Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1, an bhfuil [an tríú fomhír d']Airteagal 5(2)(c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 le léiriú ar chaoi gurb ionann síneadh na tréimhse chun conradh seirbhíse a tugadh i gcrích roimhe sin a chomhlíonadh agus conradh seirbhíse poiblí eile a dámhadh go díreach de réir bhrí na forála sin?'

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

Réamhbhreithnithe

38 Ní mór a mheabhrú go n-áirítear le Rialachán Uimh. 1370/2007, mar is léir ón gcéad fhomhír d'Airteagal 1(1), maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus do bhóthar, rialacha speisialta lena bhforáiltear do shocruithe maidir le hidirghabháil i scéimeanna ginearálta conarthaí poiblí (féach, i ndáil leis sin, breithiúnais an 27 Deireadh Fómhair 2016, *Hörmann Reisen*, C-292/15, EU:C:2016:817, míreanna 44 go 46, agus breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2018, *Rudigier*, C-518/17, EU:C:2018:757, mír 49), a bunaíodh, tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, le Treoracha 2004/17 agus 2004/18, arna n-ionadú go cúlghabhálach le Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na

seirbhísí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO 2014 L 94, lch. 243) agus Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65).

39 I ndáil leis sin, foráiltear le hAirteagal 5(2) go (6) de Rialachán Uimh. 1370/2007 na rialacha sonracha maidir le 'conarthaí seirbhíse poiblí' a dhámhachtain, de réir bhrí Airteagal 2(i) den Rialachán sin maidir le paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, trí saoirse a thairiscint don 'údarás inniúil' mar a shainmhínítear le hAirteagal 2(b) den Rialachán sin, rogha a dhéanamh idir nós imeachta 'dámhachtana dírí' de réir bhrí Airteagal 2(h) den Rialachán sin, a rialaítear le hAirteagal 5(2) den Rialachán sin, agus nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den Rialachán sin.

40 Mar sin féin, mar is léir ón dara agus ón tríú habairt d'Airteagal 5(1) de Rialachán Uimh. 1370/2007, maidir le dámhachtain conartha seirbhíse poiblí maidir le hiompar do phaisinéirí de bhus nó de thram, i gcás nach mbíonn an conradh sin i bhfoirm conradh maidir le lamháltais seirbhíse, go rialaítear an dámhachtain sin, ní trí na rialacha sonracha dá bhforáiltear le hAirteagal 5(2) go (6) den Rialachán sin, ach leis na rialacha ginearálta maidir le soláthar poiblí arna mbunú le Treoracha 2014/24 agus 2014/25 (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Deireadh Fómhair 2016, *Hörmann Reisen*, C-292/15, EU:C:2016:817, míreanna 36 go 41).

41 Go deimhin, mar a thug an Chúirt dá haire cheana féin, cuireadh conarthaí seirbhíse poiblí d'iompar poiblí paisinéirí de bhus nó de thram i bhfoirm conarthaí maidir le lamháltais seirbhíse go hiomlán faoi réir na rialacha ginearálta maidir le soláthar poiblí dá bhforáladh le Treoracha 2004/17 agus 2004/18 cheana féin sular glacadh Rialachán Uimh. 1370/2007 (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 21 Márta 2019, *Verkehrsbetrieb Hüttebräucker agus Rhenus Veniro*, C-266/17 agus C-267/17, EU:C:2019:241, mír 73).

42 Os a choinne sin, déantar conarthaí 'lamháltais seirbhíse', mar a shainmhínítear in Airteagal 5(1)(b) de Threoir 2014/23, a bhaineann le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar dá dtagraítear le Rialachán Uimh. 1370/2007, a eisiamh go sainráite ó raon feidhme na Treorach sin le hAirteagal 10(3) de.

43 Leanann sé ón méid sin nach dtagann conradh seirbhíse poiblí maidir le hiompar paisinéirí trí bhusanna, amhail na cinn atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi fhorálacha Airteagal 5(2) agus (3) de Rialachán Uimh. 1370/2007, lena mbaineann na trí cheist arna dtarchur le haghaidh réamhrialú ag an gcúirt a rinne an tarchur, ach amháin más ionann é agus conradh maidir le lamháltas seirbhíse. Dá bhrí sin, is gá an cheist a cuireadh a fhreagairt ar bhonn na forála sin, rud atá le fíorú ag an gcúirt sin, áfach.

An chéad cheist

44 Leis an gcéad cheist uaithi, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, ar cheart an tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar an údarás conarthach a dheimhniú, i gcás ina nglacann oibreoir inmheánach, ar ar dhámh údarás áitiúil inniúil conradh seirbhíse poiblí go díreach roimhe sin, páirt i nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, de réir bhrí Airteagal 5(3) den Rialachán sin, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) chun a chinneadh an bhfuil an t-oibreoir sin i dteideal páirt a ghlacadh i nós imeachta den sórt sin.

45 Ba cheart a mheabhrú go dtoirmisctear leis an tríú fomhír d'Airteagal 5(2) (b) de Rialachán Uimh. 1370/2007 'oibreoir inmheánach', de réir bhrí Airteagal 2(j) den Rialachán sin, a ndearna 'údarás áitiúil inniúil', mar a shainmhínítear in Airteagal 2(c) de, conradh seirbhíse poiblí a dhámhachtain go díreach dó, ó pháirt a ghlacadh, i gcomhréir le ceanglas 'teorainneacha geografacha', mar a thugtar air, i nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha lasmuigh de chríoch an údaráis áitiúil sin.

46 Mar sin féin, foráiltear leis an triú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) den Rialachán sin, d'ainneoin an toirmisc sin, go bhféadfaidh oibreoir inmheánach páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha faoi thrí coinníollacha, is iad sin, ar an gcéad dul síos, go dtarlódh an rannpháirtíocht sin ó 2 bhliain roimh dheireadh an chonartha seirbhíse poiblí a dámhadh go díreach dó, ar an dara dul síos, go mbeidh cinneadh críochnaitheach déanta chun na seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí a fholaíonn conradh an oibreora inmheánaigh a chur faoi réir an chonartha sin trí thairiscint iomaíoch chóir agus, ar an tríú dul síos, nach mbeidh aon chonradh seirbhíse poiblí eile arna dhámhachtain go díreach tugtha i gcrích ag an oibreoir inmheánach.

47 D'fhonn freagra a thabhairt ar an gceist a tarchuireadh, is gá, dá bhrí sin, a chinneadh an gá na coinníollacha a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 a chomhlíonadh i gcomhthéacs nós imeachta iomaíoch tairisceana, dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den Rialachán sin, fiú i gcás nach mór oibreoir inmheánach a eisiamh ó nós imeachta den chineál sin i gcás sárú ar cheann de na coinníollacha sin.

48 I gcomhréir leis an gcásdlí socair, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, ní mór nach gcuirtear a foclaíocht amháin san áireamh ach, chomh maith leis sin, an comhthéacs ina dtagann sí chun cinn agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha a bhfuil sí ina cuid de (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *DOBELES AUTOBUSU PARKS agus páirtithe eile*, C-421/22, EU:C:2023:1028, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Ar an gcéad dul síos, maidir le foclaíocht na bhforálacha ábhartha de Rialachán Uimh. 1370/2007, is fiú a thabhairt faoi deara, de réir a fhoclaíochta gan débhrí, go leagtar amach in Airteagal 5(2) den Rialachán sin, mar is léir ón gcéad fhomhír agus ón tríú fomhír de, na forálacha is infheidhme, i gcás ina gcinneann údarás áitiúil inniúil conarthaí seirbhíse poiblí le haghaidh iompar paisinéirí a dhámhachtain go díreach ar 'oibreoir inmheánach' mar a shainmhínítear le hAirteagal 2(j) den Rialachán sin. Áirítear leis na coinníollacha a leagtar síos leis na forálacha sin na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) den tríú fomhír d'Airteagal 5(2).

50 Os a choinne sin, tá feidhm ag Airteagal 5(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007, de réir théarmaí na chéad abairte den fhoráil sin atá chomh soiléir céanna, i gcás ina mbaineann údarás inniúil 'leas as tríú páirtí', seachas as duine dá oibreoirí inmheánacha féin i nós imeachta dámhachtana dírí, agus ina ndéanann sé 'na conarthaí seirbhísí poiblí a dhámhachtain trí nós imeachta iomaíoch tairisceana'. Ceanglaítear go sainráite leis an dara habairt den fhoráil sin nach mór go mbeadh an nós imeachta sin 'oscailte do gach oibreoir' gan aon tagairt do na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2) den Rialachán sin ná do choinníollacha comhchosúla in Airteagal 5(3).

51 Leanann sé ón méid sin, ar an gcéad dul síos, go gceanglaítear ar na húdaráis inniúla, nuair a bheartaíonn siad conradh seirbhíse poiblí le haghaidh iompar paisinéirí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin a dhámhachtain, úsáid a bhaint as an nós imeachta dámhachtana dírí nó as an nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha agus, ar an dara dul síos, i gcás ina

roghnaíonn na húdaráis sin an nós imeacht dámhachtana trí thairiscint iomaíoch, nach mór dóibh é a oscailt do gach oibreoir, lena n-áirítear oibreoirí inmheánacha atá bainteach le húdaráis inniúla eile ar ar dhámh na húdaráis sin conradh go díreach.

52 Dá bhrí sin, is léir ó fhoclaíocht fhorálacha ábhartha Rialachán Uimh. 1370/2007 nach leagtar síos leis an tríú fomhír d'Airteagal 5(2) (c) den Rialachán sin ach coinníollacha maidir le bailíocht nósanna imeachta dámhachtana dírí, agus é mar thoradh air sin nach féidir le rannpháirtíocht oibreora inmheánaigh ar ar dámhadh conradh den sórt sin i nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, de réir bhrí Airteagal 5(3) den Rialachán sin, de shárú ar cheann de na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) den Rialachán sin, difear a dhéanamh ach amháin do bhailíocht na dámhachtana dírí sin, ach ní do rannpháirtíocht an oibreora sin sa nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha. Dá bhrí sin, ní bhaineann an fhoráil dheireanach sin le hábhar chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 5(3).

53 Cuirtear treise leis an léiriú sin, ar an dara dul síos, le comhthéacs an tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) de Rialachán Uimh. 1370/2007.

54 Go deimhin, leis an bhforáil sin, a mhéid a shonraítear léi, mar is léir ó mhíreanna 45 agus 46 den bhreithiúnas seo, an toirmeasc a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(b) den Rialachán sin, in éineacht leis an Rialachán sin, cuirfear le raon feidhme an cheanglais a leagtar amach ann a chinneadh chun raon feidhme geografach ghníomhaíochtaí an oibreora inmheánaigh a theorannú.

55 Is léir ó na focail 'is é an coinníoll chun an mhír seo a chur i bhfeidhm', ag tabhairt isteach na forála deiridh sin, arna léamh i bhfianaise aithris 18 den Rialachán sin, nach bhfuil an ceanglas sin ina choinníoll ach do bhailíocht nósanna imeachta dámhachtana dírí, d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú, go háirithe i gcás ina gcinneann údarás náisiúnta soláthar seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí a sholáthar d'oibreoir inmheánach.

56 Ar an tríú dul síos, tá an léiriú a leagtar amach i mír 52 den bhreithiúnas seo, a mhéid a cheadaítear leis d'aon oibreoir inmheánach ar ar dámhadh conradh go díreach páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, comhsheasmhach freisin le ceann de na cuspóirí a shaothraítear le Rialachán Uimh. 1370/2007, atá, mar is léir ó aithrisí 6 agus 7 de, chun úsáid na nósanna imeachta sin a mhéadú ar mhaithe le soláthar seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí. De réir cásdlí socair, is chun leas dhlí an Aontais Eorpaigh é an rannpháirtíocht is leithne is féidir a áirithiú do thairgeoirí i nglao ar thairiscintí (breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *BTA Baltic Insurance Company*, C-769/21, EU:C:2022:973, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

57 I ndáil leis sin, cé gur fíor go bhféadfaí oibreoirí inmheánacha áirithe a dhíspreagadh ó pháirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, ós rud é go bhféadfaí pionós a ghearradh mar thoradh ar rannpháirtíocht den sórt sin trí neamhbhailíocht na ndámhachtainí díreacha as ar bhain siad tairbhe, is amhlaidh fós, áfach, go gcaomhnaítear, ar an mbealach sin, éifeachtacht na nósanna imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, ós rud é go gcoimeádann gach oibreoir inmheánach go hiomlán an ceart chun páirt a ghlacadh i nósanna imeachta den sórt sin.

58 Thairis sin, ní mór béim a chur ar an gcaoi go gceanglaítear le hAirteagal 5(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007 ní hamháin go mbeadh gach nós imeachta dámhachtana dírí trí thairiscintí iomaíocha 'oscailte do gach oibreoir', ach go mbeadh sé cóir chomh maith agus go '[n]-urramóidh sé prionsabal na trédhearcachta agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe'. Mar a

chuir an Coimisiún in iúl, mar is ceart, is faoi na húdaráis inniúla atá sé, dá bhrí sin, na bearta uile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar na ceanglais sin a chomhlíonadh i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, trí chead a thabhairt do gach oibreoir inmheánach ar ar dámhadh conradh go díreach a léiriú go bhfuil a thairiscint cothrom, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

59 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór an tríú fomhír d'Airteagal 5(2) (c) de Rialachán Uimh. 1370/2007 a léiriú sa chaoi nach gceanglaítear ar an údarás a dheimhniú, i gcás ina nglacann oibreoir inmheánach, ar ar dhámh údarás áitiúil inniúil conradh seirbhíse poiblí go díreach roimhe sin, páirt a ghlacadh i nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, de réir bhrí Airteagal 5(3) den Rialachán sin, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) chun a chinneadh an bhfuil an t-oibreoir sin i dteideal páirt a ghlacadh i nós imeachta den sórt sin.

An dara agus an tríú ceist

60 I bhfianaise an fhreagra arna thabhairt ar an gcéad cheist, níl gá freagra a thabhairt ar an dara agus an tríú ceist.

Costais

61 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Deichiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir leis an tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 agus Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2016/2338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní cheanglaítear ar an údarás a dheimhniú, i gcás ina nglacann oibreoir inmheánach, ar ar dhámh údarás áitiúil inniúil conradh seirbhíse poiblí go díreach roimhe sin, páirt a ghlacadh i nós imeachta dámhachtana trí thairiscintí iomaíocha, de réir bhrí Airteagal 5(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007 arna leasú le Rialachán 2016/2338 go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 5(2)(c) chun a chinneadh an bhfuil an t-oibreoir sin i dteideal páirt a ghlacadh i nós imeachta den sórt sin.

Sínithe